# Nuacht Litir

Scoil Cholmcille
Ros a' Mhíl

# Samhradh 2018

## Cúrsa 'Junior Achievements'

Ghlac na hArdrangann páirt i gcúrsa eolaíochta. Tháinig Áine Ní Thuathail ón Junior Achievements Programme agus rinne sí cúig sheisiúin eolaíochta leo ar: an corp, cromatagrafaíocht, fuinneamh, solas agus frithchaitheamh agus an croí. Bhain siad an-sásamh as!



## Daoine a bhfuil buanna bainte amach acu

Ghlac Barbara, ár gcuntóir teanga, páirt sa rás Connemarathon ar an 22/4/18. Rinne sí an leath mharatón agus fuair sí bonn. Spreagann sé seo na gasúir! Fair plé di!!!!



Bhain Alex grád buí/bán amach ag an gClub Judo na Ceathrún Rua le gairid. Bhí sé breá sásta leis féin!



Ghlac Saidbh, Róisín agus Chaela páirt i rás a bhí ar siúl i nGaillimh ar

mhaithe le Killeeneen National School agus fuair siad boinn.



## Dráma 18/4/18

Rinne Rang Shíle an dráma na Trí Bhéar arís i Muilleann gCearr le haghaidh an Féile Scoil Drámaíochta. Chuaigh Rang Áine agus Rang Chiara ann freisin ag tabhairt tacaíochta dóibh agus stop muid ag Supermacs ar an mbealach ar ais. Bhí an-lá ag na gasúir! Agus……fuair muid amach ag deireadh na seachtaine go raibh an bua againn!!!

## Aclaíocht sa Halla



Mar chuid don churaclam corpoideachais, rinne an scoil uilig tréimhse sa halla ag déanamh aclaíochta le Stiofán agus Colman. Thaitin sé go mór leo.

## Fear Sorcais 25/4/18



Tháinig 'Fred the Party Professor' chuig an scoil. Rinne sé cleasanna le balúin, boscaí, díslí, cártaí agus go leor rudaí eile. Thaitin sé le na gasúir!

## Lá Oscailte 27/4/18



Bhí Lá Oscailte againn le na gasúir nua a bheidh ag teacht chugainn tar éis an tsamhraidh. Chaith siad am le Naíonáin Mhóra agus Naíonáin Bheaga ag spraoi, ag déanamh ealaíne agus ag déanamh cluichí sa gclós. Bhí an-spraoi acu!

## Blitz Peile 8/5/18

Bhí Blitz Peile ag na meánranganna ag Páirc an Mháimín, Leitir Móir. Bhí dhá scoil eile ann. Bhí siad ag imirt taobh amuigh agus taobh istigh. Bhí


seans ag na gasúir meascadh le na scolairí eile.



**Céad Chomaoineach 12/5/18**

Rinne Cian, Brandon agus Pedro a gCéad Fhaoistin agus a gCéad Chomaoineach sa scoil i mbliana mar tá athchóiriú dhá dhéanamh ar an séipéal. Bhí an scoil maisithe go hálainn agus bhí an aimsir go hálainn! Tháinig go leor gaolta agus cairde agus bhí cóisir againn sa scoil. Bhí lá an-speisialta acu!





**Blitz Peile 18/5/18**

Bhí Blitz Peile ag na hArdranganna ar Pháirc na mBreathnaigh. Bhí siad in aghaidh go leor scoileanna. Bhí an bua againn i gcúpla cluiche agus bhí an-spraoi ag na gasúir ar fad!!



**Cóisir 23/5/18**

Chuaigh Síle, Nóirín agus ceathrar ó Naíonáin Mhóra suas chuig Páirc an Chróchaigh. Bhí siad ag bailiú  an cupán a fuair siad ón bhFhéile Scoildrámaíochta. Bhí tine cnámha, baluín, cáca agus cóisir againn sa scoil ag ceiliúradh an bua mór!




## Fíbín 28/5/18

Bhí an comhlacht drámaíochta, Fíbín istigh ag obair le na meánranganna. Tá siad ag glacadh páirt sa gclár 'Ár Scéal' a bheidh ar siúl ar TG4 ag deireadh na bliana. Rinne siad scéal, drámaíocht agus ealaín leo. Ansin rinne siad taifead don phíosa uile. Bhí an-lá ag na gasúir!



## Lá Idirghníomhaíochta do R6 5/6/18



Chas Rang a 6 le go leor Rang a 6 eile ón gceantar sa gCrompán ar an gCeathrú Rua. Bhí lá speisialta acu ag déanamh drámaíochta, spóirt agus cluichí sa halla. Bhí lón agus sólaistí acu agus agus bhí seans acu meascadh le na gasúir a bheidh sa meánscoil leo tar éis an tsamhraidh.

## Lá Spóirt 11/6/18



Bhí an Lá Spóirt againn ag an bpáirc i mbliana. Rinne muid gníomhachtaí éagsúla ar maidin ansin bhí rásaí mála, fata is spunóg, 3 chos, ritheacht rás na mbróg agus rásaí sealaíocht againn. Fuair gach duine bonn agus bhí an-lá againn!

## R6 RDS 18/6/18



Chuaigh Rang a Sé agus múinteoirí Ciara agus Síle chuig an RDS i mBaile Átha Cliath. Ghlac 480 scoil páirt i dtionscadal Fiontraí Shóisearach agus tugadh cuireadh do 140 scoil dul chuig an RDSagus seastán a bheidh


ansin acu. Bhí muid ar cheann den 140 scoil sin a piocadh de bharr chomh maith agus a bhí an tionscnamh! Rinne na gasúir léiriú faoi thionscadal Fiontraí Shóisearach, 'Slime' a bhí déanta acu roimh na Cásca. Fuair siad bonn agus teastas do gach duine sa rang agus plaic le dul ar bhalla na scoile. Chas siad le John Brennan ó 'At Your Service' ag tús an lae sa taicsí, mar bhí sé ag tabhairt amach gradam ag an ócáid! Bhí an-lá acu ar fad!



## Turais Scoile 19/6/18

Chuaigh an scoil ar fad amach ar thuras scoile ar an lá ceanna. Chuaigh na bunranganna agus na meánranganna chuig Jump Lanes agus an Phictiúrlann i nGaillimh. Chuaigh na hardranganna chuig Tayto Park. Bhí lá iontach againn ar fad agus bhí chuile dhuine tuirseach ina dhiaidh!






## Michelle abú! 21/6/18

Tháinig Michelle, aintín Abigail, isteach leis an mbonn airgid a fuair sí sna Cluichí Oilimpeach Speisialta le gairid. Bhí sé faighte aice sa rás Snámh 50m. Tá muid fíor bhródúil aisti!!!



## Slán!

Guímíd gach rath ar Otto, Luca, Shannon agus Rian agus iad ag tosnú caibidil nua ina saol. Tá muid cinnte go n-éireoidh go geal le na páisti thar a bheith speisailta agus cineálta seo. Aireoidh muid uainn go mór sibh!!!!!!




## Cuimhní Rang a 6

Ag an am seo den bhliain smaoiníonn muid ar Rang a Sé agus iad ag imeacht uainn. D'iarr muid ar Rang a Sé cuimhne amháin a scríobh sios ón saol a bhí acu ar scoil:

**Aliaya** *'Uair a amháin, bhí muid ag spraoi sa gclós agus chaith mé bróg Caoimhe suas san aer agus chuaigh sé isteach sa 'gutter'. Bhí ar Múinteoir Mcheal é a fháil.'*

**Caoimhe** *'Bhí na blianta a chaith mé sa scoil go maith ach an bhliain is fearr liom ná Rang a 6, mar bhí go leor rudaí níos fearr le déanamh'*

**Christina** *'An cuimhne is fearr liomsa ón scoil nuair a chuaigh muid go dtí Tayto Park mar turas scoile.'*

**Cormac** *'An uair a chuaigh Rang a Sé suas go Baile Átha Cliath ar an treain. Fuair muid tae agus milseáin ó 'Greg'.'*

**Marcus** *'Thaitin an bácáil gach seachtain go speisialta nuair a bhí muid ag úsáid seacláid. Thaitin na turais scoile go mór liom freisin, go speisialta Tayto Park'*

**Patrick** *'An lá is barúla a bhí ag an scoil ná nuair a dhó Micheál na brownies agus tháinig an alarm air agus chaith muid ar fad dul amach taobh amuigh. Lá eile ná nuair a d'fhág Micheál rud éigin sa microwave nuair a bhí muid ag cócaireacht agus phléasc sé istigh ann agus scanradh sé Micheál .'*

## Slán le Rang a Sé! 21/6/18

Dúirt muid 'slán' le Rang a Sé go hoifigiúil ag oíche speisialta a bhí againn sa scoil. Tháinig Rang a Sé agus a gclann an uair dheireanach le haghaidh cóisir bheag agus seans againn cuimhnigh siar ar an saol a bhí acu sa scoil!



*Tá muid ag guí chuile rath ar na gasúir álainn atá i Rang a Sé. Aireoidh muid uainn go mór sibh!!*



*Bainígí sult as an saoireFoireann na Scoile*

## Athoscailt: 29/8/18